Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/1848

1.4.2025

**CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA HEORPA**

**an 10 Márta 2025**

**lena leasaítear Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa**

(C/2025/1848)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

Ag féachaint do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([1]), agus go háirithe Airteagal 21 de,

Ag féachaint do Riail 25 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 73(2) de Bhearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([2]) ('na Bearta Cur Chun Feidhme'), tá an Biúro, i gcás inarb iomchuí, leis an uasmhéid míosúil is iníoctha i leith na foirne pearsanta uile dá dtagraítear in Airteagal 29(4) díobh a innéacsnascadh go bliantúil ar bhonn an Innéacs Chomhpháirtigh chun an t-athrú ar an gcostas maireachtála d'oifigigh de chuid an Aontais a thomhas, innéacs a bhunaigh Eurostat de bhun Airteagal 65 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ([3]) ón gComhairle ('Rialacháin Foirne'), agus i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leo.

(2) Is gnách gurb é an Biúró a chinneann an t-innéacsnascadh sin i mí na Nollag, agus go dtagann sé i bhfeidhm go haisghníomhach amhail ó mhí Iúil na bliana i dtrácht. Mar sin féin, socraíodh an tInnéacs Comhpháirteach a bhunaigh Eurostat don tréimhse 1 Iúil 2023 go 1 Eanáir 2024 ag 103,0 (+ 3,0 %), cothrom leis an tairseach 3 % arna bunú leis na Rialacháin Foirne chun nuashonrú idirmheánach a spreagadh ar luach saothair oifigigh an Aontais, agus, dá bhrí sin, bhí gá le nuashonrú idirmheánach ar mhéid míosúil an liúntais um chúnamh parlaiminteach atá ag na Feisirí.

(3) Don chéad leath de 2024, shocraigh an Coimisiún an ráta coigeartaithe is infheidhme ag 3 %. Dá réir sin, ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Meitheamh 2024, chinn an Biúró, méid míosúil an liúntais um chúnamh parlaiminteach a mhéadú 3 %, go EUR 29 557, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 ([4]).

(4) Don dara leath de 2024, shocraigh an Coimisiún an ráta coigeartaithe is infheidhme ag 5,3 %, atá le cur chun feidhme in dhá chéim, trí chéad innéacsú 4,1 %, le héifeacht ón 1 Iúil 2024, agus an dara innéacsú 1,2 %, le héifeacht ón 1 Aibreán 2025.

(5) Dá réir sin, ag an gcruinniú a bhí aige an 16 Nollaig 2024, chinn an Biúró méid míosúil an liúntais um chúnamh parlaiminteach a mhéadú 4,1 %, go EUR 30 769, le héifeacht ón 1 Iúil 2024 ([5]).

([1]) Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/684/oj).

([2]) Cinneadh ón mBiúró an 11 Meán Fómhair 2023 maidir le Bearta Cur Chun Feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus lena n-aisghairtear Cinneadh ón mBiúró an 19 Bealtaine agus an 9 Iúil 2008 (IO C, C/2024/2814, 26.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2814/oj).

([3]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

([4]) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme don Reacht do Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO C, C/2024/4279, 1.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4279/oj).

([5]) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2024 lena leasaítear na Bearta Cur Chun Feidhme don Reacht do Fheisirí Pharlaimint na hEorpa (IO C, C/2024/7537, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7537/oj).

(6) Chun an ráta coigeartaithe is infheidhme 5,3 % arna shocrú ag an gCoimisiún a léiriú go hiomlán, ba cheart méid míosúil an liúntais um chúnamh parlaiminteach a mhéadú tuilleadh 1,2 % anois, go EUR 31 138, le héifeacht ón 1 Aibreán 2025. Chuige sin, ba cheart Airteagal 29(4) de na Bearta Cur Chun Feidhme a leasú de réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 29 de na Bearta Cur Chun Feidhme, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Is é EUR 31 138 an t-uasmhéid míosúil is iníoctha i leith na foirne pearsanta uile dá dtagraítear in Airteagal 30 le héifeacht ón 1 Aibreán 2025.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Aibreán 2025.